



*Cuideachta Phort na
Sionainne agus Fhainge*

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge

**(Comhlacht cuideachta faoi theorainn
scaireanna)
agus fochuideachta gnóthas**

**Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitís Chomhdhlúite
Airgeadais**

Bliain dár críoch 31ú Nollaig, 2011

Léargas ar Úsáid Fuinnimh in 2011

Tá tomhaltóirí éagsúla fuinnimh ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge atá mar chuid lárnach de ghnó an chalafoirt, amhail soilsiú poiblí, áiseanna loingseoireachta, foirgnimh oifige, soithigh mara, innealra trom agus feithiclí bóthair éagsúla.

In 2011, d'ídigh Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge 2,852 MWh fuinnimh, mar seo a leanas:

- 993 MWh leictreachais;
- 1859 MWh breosla iontaise;

Gníomhartha in 2011

In 2011 leanann Cuideachta Phost na Sionainne agus Fhainge réimse tionscnamh a chomhlíonadh chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Uasghrádú ar áiseanna loingseoireachta go soilse LED suthaineacha ar chumhacht íseal
- Uasghrádú chodanna den soilsiú poiblí go soilse níos éifeachtúla

Gníomhartha atá Pleanáilte do 2012

In 2012 agus amach anseo, tá sé i gceist ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh trí thabhairt faoi na tionscnaimh seo a leanas:

- Leanúint ag cur córais soilse suthaineacha agus ar chumhacht íseal i bhfeidhm inár saoráidí
- Leanúint le faireachán agus feabhsú ar ídiú fuinnimh ár bhfoirgneamh
- Leanúint le athbhreithniú ar ár bpríomh-thomhaltóirí breoslaí iontaise

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge
(Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóthas

Tuairisc Bhliantuil agus Ráitís Airgeadais Chomhdhlúite 2011

Clár

Leathanach

Stiúrthoirí agus eolais eile	2
Tuairisc na Stiúrthoirí	3 - 5
Ráiteas an Chathaoirligh	6 - 8
Tuairisc Corparáideach Rialtais	9 - 10
Athbhreithniú Gnó agus Oibre	11 - 13
Tuairisc Neamhspleach na n-iniuchóirí	14 - 15
Polasaí Cuntasaíochta	16 - 17
Cuntas Chomhdhlúite Brabús agus Cailteanais	18
Ráiteas Chomhdhlúite do aitheantas iomlán Brabach agus Easnamh	19
Clár Comhardaithe Comhdhlúite	20
Clár Comhardaithe an Chomhlachta	21
Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid	22 - 23
Notaí do na Ráitís Airgeadais	24 - 37

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge
(Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóthas
Stiúrthóirí agus Eolas Eile

Bord

M. O'Coileáin (Chaoirleach)
P. ó'Céitinn (Príomhfheidhmeannach)
E. Mac Sheoinín
P. ó'Catháin
D. O' Neachtáin
C. ó hAnluain
G. ó'Riada
I. ó 'Treasaiigh

Rúnaí agus Oifig Cláraithe.

E. de Stainléigh
Oifig an Chaladh
Faing
Co. Luimní

Uimhir Cláraithe: 332414

Iniúcháirí Neamhspleach

Grant Thornton
Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe
Teach an Mhuilleann
Sráid Anraí
Luimneach

Bainistíocht

P. ó'Céitinn	Príomhfheidhmeannach
M. ó'Muireasa	Bainisteoir Trachtála
S. Carlton	Bainisteoir Seirbhísí Cuain
E. de Stainléigh	Stiúrthóir Airgeadais & Rúnaí

Dlíodóirí

Harrison O'Dowd
98 Sráid Anraí
Luimneach

Holmes O'Malley Sexton
Geata an Easpaig
Sráid Anraí
Luimneach

Philip Lee (Dlíodóirí)
7-8 Ardán Wilton
Baile Átha Cliath 2

Matheson Ormsby Prentice
70 Cé Sir John Rogersons
Baile Átha Cliath 2

Baincéirí

Allied Irish Bank Plc
Príomhshráid
Faing
Co. Luimní

Banc na hEireann
125 Sráid Uí Chonaill
Luimneach

Rabobank Eireann Plc
Plás Charlemont
Baile Átha Cliath 2

Achtuire

Invesco Teo.
4 Banc an Dheisceart na Croise
Faiche na Croise
Corcaigh

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge (Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóthas

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá pléisiúr ag na stiúrthóirí a tuarascáil bhliantúil a chuir isteach chuig na scairshealbhóirí chomh maith le Ráitéis Iniúchadh Comhdhlúite Airgeadais don bhliain dar críoch 31, mí na Nollag, 2011.

Cúram na Stiúrthóirí do na Ráitéis Airgeadais

Téastaíonn uaidh dlí na gcuideachtaí na hÉireann go h-ullmhóidh na stiúrthóirí ráitéis airgeadais i gcóir gach bhliain airgeadais rud a thugann tuairm cruinn agus fíor dúinn ar ghnó na gcomhlachtaí agus don ghrúpa chomh maith le brabús nó cailteanas an chomhlacht agus an ghrúpa don tréimhse ama sin. Nuair a bhíonn na ráitéis airgeadais á n-ullmhú acu, tá ar na stiúrthóirí:

- Beartais cuntasáiochta feiliúnach a roghnú agus iad a chuir i bhfeidhm go seasmhach.
- Breithiúnas a dhéanamh ar meastacháin atá ceart and cóir.
- Ráitéis Airgeadais a ullmhú ar an mbun chúram mura féidir glacadh leis go bhfuil an comhlacht agus an grúpa chun leanacht ar aghaidh i ngnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair na cuntaisí a beith in eagar le nochtadh agus le cruinneas in aon am go bhfuil cúrsaí airgeadais an chomhlacht agus an ghrúpa agus chun ligeann dóibh go bhfuil na ráitéis airgeadais ullmhaithe i ngleic le caighdeán cuntasáiocht a ghlactar leis de ghnáth in Éirinn agus atá de réir Acht Comhlachtaí na hÉireann 1963 to dtí 2009, agus an Comhphobal Eorpach (Comhlachtaí: Grúpachuntas) Rialacháin, 1992. Tá siad freagrach chomh maith as sócmhainní an chomhlacht agus an ghrúpa a chosaint chomh maith le céimeanna feiliúnach a thógáil as an chosaint agus ar lorgaireacht ar chaimiléireacht nó aon ghníomh mirialta eile.

Leabhair na gCuntas

Na céimeanna atá togtha ag na stiúrthóirí chun aontú daingean a bheith acu ó thaobh dualgais leabhair na gcuntas a choimeád tré córas agus gnáthamh agus tré fostaí éifeachtach a chuir ar fail. Coiméadtar leabhair na gcuntas ag Teach an Mhuileann, Faing, Co. Luimní.

Rialíú Corparáideach

Tá geall ar an gcomhlacht le cód cleachtadh do rialíú na Comhlachtaí Stáit. Tá iniuchóirí inmheánach fostaithe mar chuid den chúrsa. Tá tuarascáil ar leith ar rialíú corparáideach leagtha amach ar leathanaigh 9-10

Acht Íocaíocht Prás do Chuntaisí, 1997

Is é polasaí an chomhlacht agus an ghrúpa ná comhlíonadh de réir an dlí ó thaobh n-ábhair de réir na tearmaí atá leagtha síos in Acht Íocaíocht Prás de Chuntaisí, 1997.

Gníomhachtaí Prionsabail

Is é aidhm ghnó an ghrúpa ná cabhrú le gluaiseacht na n-earraí agus le eolas na freastalaí a thuirsciú thríd Inbhear na Sionainne. Le seo in intinn, cruthaíonn an grúpa bonneagar, áiseanna, seirbhísí agus loistín a theastaíonn chun freastal chun na hearraí a aistriú go héifeachtúil idir an iompar talamh agus farraige. Tá an t-airgeadas atá nascaithe le soláthar, na haiseanna forbartha ó tháillí soitheach agus earraí stíobheadóireacht, cíos agus seirbhísí coimhdeach atá tugtha.

Athbhreithniú an Ghnó

Tá athbhreithniú ar fheidhmiú an ghrúpa leagtha síos ar leathanach 11-13.

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge (Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóthas

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar lean

Forbairt sa Todhchaí

Tá straitéis an ghrúpa dírithe ar fhorbairt a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí in Inbhear na Sionainne agus leanóidh sé seo ar aghaidh ins na blianta atá le teacht.

Clár Iar-Chomhardaithe na hImeachtaí

Ní raibh aon mór-imeachtaí a chuir isteach ar an ngrúpa ó dheireadh bhliana.

Torthaí agus Díbhinní

Taispéaneann an cuntas consólaithe torthaí an ghrúpa ar bhrabús agus cailteanas don bhliain atá caite ar leathanach 18.

Ní mholann na stiúrthóirí íocaíocht ar dhíbhinn.

Instealladh Chaipiteal

Sheas sé seo don dífríocht a bhí idir luach glan na sóchmhainní tógtha ar lámh ar Lá Dílseacháin (17 Meán Fómhair 2000) agus ar an scairchaipiteal eisithe ag an am sin.

Thug na scairshealbhóirí síntiús do €3,809,214 do ghnáth scaireanna do €1.269738 an duine i rith an bhliain atá caite 2001.

Roinneadh scaireanna de réir an suim airgid i rith an bhliain a chríochnaigh 31 mí na Nollag 2002 mar seo a leanas: -

3,047,371 gnáth scaireanna ar €1.25 an ceann.

Ina bhreis bhí 11,246,513 gnáth scaireanna ar €1.25 an ceann eisithe amach as an instealladh chaipiteal mar a bhí ar 31 mí na Nollag 2001.

Stiúrthóirí

Tá aimneacha na ndaoine a bhí ina stiúrthóirí ag am ar bith i rith an bhliain dár chríoch 31 Nollag 2011 luaighte thíos. Mura bhfuil tugtha le fios, ciallaíonn sé gur oibrigh siad mar stiúrthóir don bhliain ar fad.

M. O'Coiléain - Ceaptha 22 Mí na Nollag 2011

C. Nic Aonghusa - Eirí as 24 Meán Fomhair, ceaptha 19 Deireadh Fomhair, eirí as 30 Mí na Nollag 2011

M. Mac Adaim - Eirí as 24 Meán Fomhair 2011

S. O'Carraigh - Eirí as 24 Meán Fomhair 2011

E. Mac Sheoinín - Eirí as 24 Meán Fomhair 2011, ceaptha 19 Deireadh Fomhair, eirí as 30 Mí na Nollag 2011 (athceaptha 16 Eanáir 2012)

P. ó'Catháin

R. Nic an Oirchinnigh - Eirí as 24 Meán Fomhair 2011

D. O' Neachtáin

C. ó hAnluain

G. ó'Riada

R. Sadlier - Eirí as 24 Meán Fomhair 2011

I. ó 'Tresaigh

P. Ceitinn

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge (Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóthas

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar lean

Suimeanna na Stiúrthóirí agus na Rúnaithe

Nil aon suim tairbheach ag na stiúrthóirí nó ag an runaí, ina measc suimeanna an chlann, i scair-chaipiteal an chomhlacht nó Comhlachtaí Fochuideachta ar 31 mí na Nollag 2010 agus 31 mí na Nollag 2011.

Taighde agus Forbairt

Tá an grúpa ceangailte le taighde agus le forbairt chun tairbhe an chustaiméir agus na timpeallachta.

Fochuideachtaí

An t-eolas a theastaíonn ó Rannóg 158 (4) do Acht na gComhlachtaí 1963 tá sé ar fáil i nóta 10 do na Raitéis Airgeadais.

Iniúcháirí

Leanóidh na hIniúcháirí i Grant Thornton ar aghaidh agus fanfaidh siad in oifig de réir Rannóg 160 (2) do Acht na gComhlachtaí, 1963.

Raitéis Airgeadais a chinntiú

Chéadaigh na stiúrthóirí na Raitéis Airgeadais 23ú Márta 2012.

Thar ceann an Bhoird

Micheál O'Coileáin

Stiúrthóir

Éamonn Mac Sheoinín

Stiúrthóir

Dáta : 23ú Márta 2012

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge **(Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóthas**

Ráiteas an Chathaoirligh

Tá áthas orm an tuarascáil bhliantúil do Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge a chur i láthair.

Gníomhaíochtaí

Ba é Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge an chuideachta phoirt bhuilc ba mhó in Éirinn ó thaobh tréchur tonnáiste arís in 2011: tháinig méadú 8% ón mbliain roimhe sin ar thréchur lasta arbh ionann é agus 9.4 milliún tonna. Tháinig an méadú ba mhó ar líon na lastaí a théann trí chríochfoirt le húsáideoir amháin: 12% ó bhliain go bliain an meánmhéadú a bhí air. Tháinig laghdú 7.8% ar an meán ar lasta a théann trí chríochfoirt ilúsáideoirí go leibhéil cosúil le tréchur 2009. €2.858 milliún ba ea an brabús oibriúcháin roimh mhíreanna eisceachtúla, chostais mhaoinithe, bhrabús as diúscairt sócmhainní agus chánachas. Méadú 13% is ea é sin ar bhrabús na bliana 2010. Tá brabús suntasach i gceist le diúscairt sócmhainní, atá cothrom le €879,000 glan ar cháin. Baineann sé sin go príomha le diúscairt ruíse faoi eire léasachta maidir le talamh ag Luimneach, chuig an léas-sealbhóir reatha, Bord Gáis Éireann. Lúide costais eisceachtúla, costais mhaoinithe agus fáltais ghilana ó dhiúscairt, bhí brabús €2.73 milliún ag an gCuideachta a bhí inchurtha i leith scairshealbhóirí.

I measc na n-éachtaí a rinneadh in 2011 bhí:

- Corrlach oibriúcháin méadaithe ó 25.5% in 2010 go dtí 28.2%.
- Choinnigh an Chuideachta a fócas ar rialú costais le laghdú 35% ar chostais ó 2007 i leith.
- Dhiúscair an Chuideachta Sócmhainn nach Sócmhainn Lárnach í i Luimneach, de réir phlean straitéiseach na Cuideachta. Ba chuig léas-sealbhóir reatha, Bord Gáis Éireann, a diúscaíodh talamh ag Sráid Uí Chomhraí, Luimneach. Tá an brabús ó dhiúscairt na sócmhainne sin cuimsithe sna Ráitís Airgeadais.
- Cuireadh tús le Máistirphlean Fís 2041 Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge, agus cuireadh i gcrích Céim 1, an Chéim Chomhairliúcháin. Is éard a bhí i gceist leis sin ná aighneachtaí a lorg, imeachtaí comhairliúcháin poiblí oscailte, ceardlanna agus cruinnithe láithrithe. Tá sé i gceist Máistirphlean Fís 2041 a fhoilsiú i rith 2012.
- Lean an Chuideachta ag cruthú dlúthchaidrimh le gníomhaireachtaí forbartha stáit agus gníomhaireachtaí bainteacha eile, mar a léirítear ina ról gníomhach ar an nGrúpa Stiúrtha do Chreatphlean Comhtháite na Sionainne.
- Aithnítear Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge mar ghníomhaí geilleagrach don réigiún sna Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach 2010-2022 do Réigiún an Iarthair Láir, a foilsíodh i rith na bliana. Ina theannta sin, tugtar tús áite don uasghrádú ar an N69 agus don ath-insealbhú ar an líne iarnróid idir Luimneach-Faing do thrácht lastais.
- Lean an Chuideachta den Inbhear níos leithne a chur chun cinn mar shuíomh straitéiseach do thionsclaíocht loingseoireachta gaolmhar agus reáchtáil sí comhdháil idirnáisiúnta a bhí dírithe ar mol fuinnimh straitéiseach a fhorbairt san Inbhear.
- Tar éis d'Oifig na nOibreacha Poiblí léas na hOifige ar Shean-Teach na Mairnéalach i Sráid Uí Chomhraí, Luimneach a thabhairt suas, thug an Chuideachta faoi obair dheisiúcháin a theastaigh chun struchtúr agus creatlach an fhoirgnimh a athchóiriú de réir stádas an fhoirgnimh mar struchtúr cosanta lena mbaineann tábhacht ailtireachta.
- Rinneadh dul chun cinn mór ó thaobh spriocanna an Phlean Straitéisigh 2011-2015 a bhaint amach.
- Tá an Chuideachta ar bord lena cuid oibre maidir leis an bPlean Straitéiseach 2012-2016 a fhaomhadh agus a chur faoi bhráid na Roinne Iompair agus na Roinne Airgeadais faoin spriocdháta.

Rialachas Corparáideach

I gCuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge in 2011, d'éirigh roinnt Stiúrthóirí as oifig, rinneadh athcheapachán ar bheirt Stiúrthóirí lena n-áirítear an Cathaoirleach ar feadh tréimhse, agus ceapadh Cathaoirleach nua.

Glacann Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge go hiomlán leis an *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*. Rinneadh athbhreithniú ar an gCuideachta go luath sa bhliain 2008, féachaint an raibh sí ag cloí leis an *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*. Sonraíodh réimsí áirithe inar féidir feabhas a chur ar chúrsaí. Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2008 agus 2009 d'fhonn a chinntiú go raibh an Chuideachta ag cloí leis an gCód agus go bhfuil Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge tiomanta cloí go hiomlán leis.

Rinneadh tuilleadh athbhreithnithe i mí Eanáir 2009 agus arís i mí Feabhra 2010 de dhroim an Chóid Chleachtais nuashonraithe a eisíodh i mí an Mheithimh 2009. Deimhníodh sna hathbhreithnithe sin go raibh an Chuideachta ag cloí leis an gCód i ngach cáil. Rinne an Bhainistíocht athbhreithniú eile i gcomhair 2011 agus fuarthas go raibh an Chuideachta ag cloí leis an gCód i ngach cáil arís.

Tá Coiste Bainistíochta Riosca bunaithe ag an mBord, faoi Chathaoirleacht Michéal Mac Adaim i dtosach, chun Clár Rioscaí na Cuideachta a scrúdú agus tá an príomhoifigeach feidhmiúcháin ceaptha acu mar Phríomhoifigeach Riosca. Bhí cruinniú tosaigh an Choiste ar siúl an 9 Feabhra 2011, agus tháinig sé le chéile sé uair eile ina dhiaidh sin. Tar éis dó athbhreithniú iomlán, cuimsitheach a dhéanamh, mhol sé don Bhord an Clár Rioscaí a fhaomhadh. D'fhaomh an Bord an Clár Rioscaí an 28 Aibreán 2011. Nuair a d'éirigh Micheál Mac Adaim as mar Stiúrthóir ón 24 Meán Fómhair 2011, ceapadh Iosáf O' Treasaigh mar Chathaoirleach an Choiste. Bíonn cúrsaí bainistíochta rioscaí ina mír ar an gclár cruinnithe ag gach cruinniú de chuid an Bhoird.

Tá sé d'aidhm ag an mBord, trí bhainistíocht feidhmiúcháin, córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a oibriú a mhaolóidh rioscaí ríthábhachtacha ó thaobh gnó agus cúrsaí airgeadais agus a bheidh ar chomhréir leis na treoirlínte maidir le rialachas corparáideach freisin. Rinne an Coiste Iniúchta, faoi chathaoirleacht an Uasail Dick Sadlier, maoirseacht ar an gcóras rialaithe thar ceann an Bhoird. Tar éis don Uasal Sadlier éirí as an mBord, bhí sé faoi chathaoirleacht an Uasail Eamon Mac Sheoinín.

Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair an lucht bainistíochta laistigh de Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge a fhorbraíonn agus a chothaíonn an chreatlach rialaithe airgeadais, trína chaighdeán dearbhaithe cáilíochta ISO9000; ar an Iniúchóir Inmheánach, ar an gCoiste Iniúchta a dhéanann maoirseacht ar an Iniúchadh Inmheánach, agus ar nótaí tráchta ón Iniúchóir Seachtrach ina litir bhainistíochta.

Thug Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge a feidhm iniúchta inmheánaigh do dhream seachtrach. Aontaíodh ar obair an iniúchta inmheánaigh tar éis dul i gcomhairle leis an lucht bainistíochta agus leis an gCoiste Iniúchta agus d'aontaigh an Bord air ina dhiaidh sin. Is de réir Cód Creatlaí um Shárchleachtas atá leagtha amach i gCód *Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit* a fheidhmíonn an soláthraí Seirbhíse Iniúchta Inmheánaigh agus tá sé freagrach go díreach don Choiste Iniúchta. Tá an tIniúchóir Inmheánach freagrach don Choiste Iniúchta agus cuireann sé a chuid oibre faoina bhráid. Léiríonn na tuairiscí Iniúchta Inmheánaigh a chuirtear faoi bhráid an Choiste Iniúchta tuairim an Iniúcháin Inmheánaigh ar leordhóthanacht na rialuithe atá athbhreithnithe. D'fhaomh an Bord Plean Iniúchta Inmheánaigh 2011 an 17 Nollaig 2010 agus cuireadh an clár oibre iomlán i bhfeidhm i rith 2011. D'aontaigh an Bord ar an gClár Iniúchta Inmheánaigh do 2012 ag Cruinniú Boird an 16 Nollaig 2011.

Tá roinnt príomhchóras eile faoi réir iniúchta freisin. Ós rud é go bhfuil na córais agus na nósanna imeachta sin i bhfeidhm, dearbhaím go bhfuil an Chuideachta ag comhlíonadh na dTreoirlínte maidir le Rialachas Corparáideach agus na gCód Cleachtas a d'eisigh an Roinn.

Infheistíocht Chaipitiúil

Ba ionann Breiseanna Caipitiúla na bliana agus €0.366 milliún. Baineann an tsuim is suntasaí leis an íocaíocht dheiridh de €142,000 do sholáthar príomhlíne dóiteáin Fhainge laistigh den phort chun an caighdeán is gá a chomhlíonadh (Code of Practice for non-automatic fire fighting systems – BS9990:2006). Cuimsítear athsholáthar Feithicilí Cuideachta le luach iomlán €84,000 freisin.

Bhronn an Chuideachta conradh chun athsholáthar agus nuashonrú a dhéanamh ar ár gCóras um Sheirbhís Tráchta Soithí i rith na bliana. Murach infheistíocht, bheadh ár n-acmhainní Seirbhíse Tráchta Soithí díomhaoin, rud a d'fhágfadh nach mbeadh muid ábalta glacadh le soithigh mhóra le linn tréimhsí drochaimsire. Tá luach €350,000 ag baint le bronnadh an chonartha agus táthar ag súil go mbeidh an tionscadal curtha i gcrích faoi dheireadh Ráithe 1 2012.

Dearbhaím go gcloítear leis na treoirlínte maidir le breithmheas agus bainistiú ar thograí caiteachais caipitil (Guidelines for the Appraisal and Management of Capital Expenditure Proposals).

Luach Saothair

Comhlíonann Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge Treoirlínte an Rialtais faoi tháillí an Stiúrthóra a íoc agus beartas Rialtais maidir le pá an Phríomhfheidhmeannaigh agus pá gach fostaí de chuid Comhlachta Stáit. Tugadh íocaíocht bhónais don Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin le linn na bliana.

Comhlíonadh na Reachtaíochta

Ar feadh m'eolais agus mo thuairime comhlíonadh ceanglais reachtúla uile na Cuideachta.

Forbairtí ó dheireadh na bliana i leith

Níl aon fhorbairtí suntasacha tugtha faoi deara ó dheireadh na bliana i leith.

An t-am atá le teacht

Tá sé i gceist ag an gCuideachta €1.9 milliún a infheistiú i sócmhainní seasta in 2012. Táim sásta a fhógairt go bhfuil dul chun cinn suntasach leanúnach déanta maidir le cur i bhfeidhm ár bplean straitéise agus go bhfuil pleananna gníomhaíochta tosaithe i leith go leor de na cuspóirí aitheanta. Tá Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge tar éis comhairleoirí atá aitheanta go hidirnáisiúnta a cheapadh chun cabhrú leis an gCuideachta Máistirphlean Fís 2041 d'Inbhear na Sionainne a chur ar fáil. Beidh sé seo comhdhéanta de trí ghné lárnacha, .i. Máistirphlean Fhainge, Máistirphlean Luimnigh agus Máistirphlean Inbhear na Sionainne, agus tá sé i gceist go bhfoilseofaí é faoi lár 2012.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na Stiúrthóirí atá mar chomhghleacaithe agam as an obair leanúnach atá déanta acu ar son na cuideachta le linn na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Cáit Mac Aongusa, Iar-chathaoirleach, agus le gach Stiúrthóir eile a ndeachaigh a dtréimhsí in éag i rith na bliana as ucht an bhaint a bhí acu leis an gCuideachta a thabhairt chun cinn ar bhealach chomh dearfach. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an lucht bainistíochta agus leis an bhfoireann as an dúthracht a chaith siad agus an chaoi inar chomhoibrigh siad le linn 2011 maidir le tacú leis an treoir a bhí á tabhairt ag an mBord. Glacaim buíochas go háirithe le Frank Lynch, Iar-Rúnaí na Cuideachta, agus Alan Coghlan, Iar-Mháistir an Chuain, a d'éirigh as an gCuideachta i rith na bliana. Bhí os cionn seachtó bliain caite acu leis an gCuideachta idir an bheirt acu.

Micheál O'Coileáin

Cathaoirleach

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge

23ú Márta 2012

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge

(Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóthas

Tuarascail Corparáideach Rialtais

Freagraíocht do Choras Smachta Airgeadais Inmhéanach

Thar cheann Bord na Stiúrthóirí do Chomhlacht Calafort na Sionainne agus Fhainge, adhmaíonn ár freagrecht i gcóir córas éifeachtach do smachtú airgeadais inmhéanach a choiméad agus é a bheith ag feidhmiú.

Níl an córas in ann ach dearbhú reasúnta a thabhairt agus ní dearbhú iomlán go bhfuil a gcuid sochmhainní cosanta, idirbheart cinntithe agus taifead do na cuntais tógtha agus go mbeidh cosc le aon bhotún no aon mírialtaí nó fiú iad a bhrath thar am.

Príomh Imeachtaí Smachta

Tá céimeanna tógtha ag an mbord I rith na mbliana 31 Nollaig 2011 chun cinntiú go mbeidh smacht timpeallachta tógtha

- Ag sainmhíniú freagrachtaí an bhainistíocht tá pearsanra cáilithe fostaithe agus dualgais leithdháilte go cóir eatarthu agus leithscaradh déanta ar dhualgais nuair is féidir;
- Coras a leagann amach chun ghníomhaíochataí a fhaireachán agus sochmhainní na hEagraíochta a chosaint;
- Córas cuimsitheach buiséadaithe a bheith ann le buiséad bliantúil a dhéanfaidh an Coiste Iniúchta athbhreithniú air agus a cheadóidh an Bord. Tuairisí míosúla á gcur ar fáil do Bhord ina ndéantar monatóireacht ar fheidhmíocht i gcoinne buiséid agus ina n-aithnítear aon éagsúlachtaí ábhartha a tharlaíonn.
- Traenáil a chur ar fáil do na Stiúrthóirí an Bhoird nua agus láithreach, ar a bpáirt agus a gcuid freagrachtaí;
- Tá an Chomhcoiste Iniúchoireachta gealta ar a bpáirt agus a gcuid freagrachtaí i rith an treimhse atá faoi athbhreithniú.
- Comhlíonadh an turascáil Corparáideach Rialtais lastigh den Comhlacht.
- Beartas Bainistíochta Rioscaí a fhorbairt agus a bhunú le príomhríoscaí gnó a shonrú agus a mheas trí bhíthin :-
 - Náidúr na bpríomhríoscaí gnó atá ag bagairt ar an eagraíocht a aithint
 - Measúnú a dhéanamh ar thionchar an ollríosca dá dtarlódh sé agus an seans atá ann go dtarlódh sé (airgeadais tugtha san áireamh)
 - Na rialacháin atá curtha i bhfeidhm chun ollríosca a mhaolú a aithint
 - Athmheasúnú a dhéanamh ar na ríoscaí a thógtar ag cur san áireamh na rialacháin atá curtha i bhfeidhm le féachaint an bhfuil an bunríosca bainteach ar leibhéal atá inghlactha nó a d'fhéadfaí é a láimhseáil
 - Duine a ainmniú a bheadh freagrach as déileáil le gach ríosca a aithnítear
 - Straitéisí eile a aithint nuair is gá é sin chun príomhríoscaí a bhainistiú
 - Athnuachan rialta agus nuashonrú a dhéanamh ar phróiseas a bhaineann le Ríosca Gnó
 - Déanfar athbhreithniú tréimhsiúil ar mheasúnuithe ríosca, tar éis teagmhais nó má dhéantar aon athrú suntasach ar an oibríocht.
- Nósanna imeachta a bhunú a ligean d'fhostaithe na Cuideachta tuairisciú a dhéanamh, ar bhonn rúnda, ar aon mhírreír sa tuairisciú airgeadais nó in aon ábhar eile. Scrúdófar a leithéid de chásanna go mion.
- Leanúint ar aghaidh ag deimhniú Caighdeán Dearbhaithe Cáilíochta ISO 9001:2008;

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge (Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóthas

Tuarascáil Corparáideach Rialtais (ar lean)

- Tá an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh tugtha do dhream seachtrach. Comhaontaítear obair na hiniúcháireachta inmheánaí tar éis dul i gcomhairle leis an lucht bainistíochta agus leis an gCoiste Iniúcháireachta. D'aontaigh an Bord ar an gClár Iniúchta Inmheánaigh do 2011. Mhol an Bord ar an gClár Iniúchta Inmheánaigh 2011 ag an gcruinniú 16ú Nollaig 2011. Is de réir Cód Creatlaí um Shárcleachtas atá leagtha amach i gCód Cleachtas um Rialachas Eagraíochtaí Stáit a fheidhmíonn an soláthraí Seirbhíse Iniúchta Inmheánaigh agus tá sé freagrach go díreach don Choiste Iniúchta. Tá an tIniúcháir Inmheánach freagrach don Choiste Iniúchta agus cuireann sé a chuid oibre faoina bhráid. Léiríonn na tuairiscí Iniúchta Inmheánaigh a chuirtear faoi bhráid an Choiste Iniúchta tuairim an Iniúcháir Inmheánaigh ar leordhóthanacht na rialuithe atá athbhreithnithe.

Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh um rialú airgeadais bunaithe ar obair an lucht bainistíochta laistigh de Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge a fhorbraíonn agus a chothaíonn an creatlach rialaithe airgeadais, ar an iniúcháir inmheánach, ar an gCoiste Iniúchta a dhéanann maoirseoireacht ar an Iniúchadh Inmheánach, agus ar nótaí tráchta ón Iniúcháir Seachtrach ina litir bainistíochta.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBainistíocht ar éifeachtúlacht an chórais rialála airgeadais. Idirmheánaí sa bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2011. Cuireadh an t-athbhreithniú seo os comhair an Choiste Iniúchta a mhol don Bhord é.

Michéal O'Coileáin

Cathaoirleach

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge

23ú Márta 2012

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge

(Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóthas

Athbhreithniú ar Oibriúcháin

Mar a dúradh i ráiteas an Chathaoirligh, bhí torthaí oibriúcháin na bliana 2011 an-dearfach, go háirithe i gcomparáid le OTN de timpeall -0.5%. Tháinig méadú 8% ar thréchar tonnáiste ó bhliain go bliain agus é sin ar lorg méadaithe 23.5% a taifeadadh sa bhliain airgeadais roimhe. Cé go raibh torthaí láidre taifeadta i gcomhair 2011, bhí dhá leath sa bhliain. Leathnaíodh móiminteam an dara leath de 2010 isteach sa chéad leath de 2011, ach sa dara leath de 2011, go háirithe sa cheathrú ráithe, lagaigh an móiminteam sin. Ba iad an dá phríomh-fhachtóir ba chúis leis an lagú sin sa cheathrú ráithe ná an aimsir bhog agus na srianta cuóta a bhain le talmhaíocht san earnáil déiríochta. Bhí drochthionchar ag an aimsir bhog ar réimse trádála allmhairithe, amhail salann agus breoslaí soladacha agus leachtacha. Bhí drochthionchar ag luaineacht praghsanna agus na cuótaí bainne thuasluaite ar lastais talmhaíochta sa cheathrú ráithe freisin, rud a scrios cuid de na gnóthachain a taifeadadh sa chéad leath de 2011.

Bhí tonnáistí láidre ann do na hearnálacha giniúna leictreachais, próiseála méine agus athchúrsála i rith 2011 mar thoradh ar chúinsí fabhracha in earnáil na dtráchtearraí. Mar thoradh ar na cúinsí geilleagracha reatha agus cliseadh earnáil na baincéireachta creidmheas a sholáthar, tháinig laghdú de bhreis ar an earnáil infheistíochta i rith 2011. Tá tionchar leanúnach ag an gcúingú sin ar na trádálacha briste builc agus builc thirim don earnáil thógála, agus is léir go bhfuil an téarnamh inár bhfeidhmíocht tonnáiste agus airgeadais níos suntasaí mar thoradh ar an easpa sna trádálacha sin.

Tháinig méadú 2.2% go €10.1m ar láimhdeachas agus mhéadaigh brabús oibriúcháin go beagnach €2.9m (2010:€2.5m) nó 13%, rud a léiríonn méadú ar an gcorrlach oibriúcháin ó 25.5% go 28.1%. Tá an méadú seo ar an gcorrlach mar thoradh ar an bhfócas leanúnach ar uasmhéadú ioncaim agus ar rialú costais, agus is méadú 180% atá ann i gcomparáid le leibhéal 2007. Tá ár gcostais oibriúcháin agus riaracháin, €7.26m, ag an leibhéal is ísle riamh, agus ag na paraiméadair oibriúcháin agus tréchar reatha, creidimid go gcothromófar na leibhéal costais réadúla. Tugtar faoi deara go bhfuil laghdú 16% tagtha ar an líon daoine i rith na tréimhse seo, agus arís creidimid go bhfuil acmhainní againn anois ar leibhéal atá leordhóthanach chun seirbhísí éifeachtúla, iomaíocha a sholáthar dár gcustaiméirí. Maidir le staid iomaíoch an phoirt go ginearálta, áfach, tá réimsí seirbhíse indíreacha áirithe ann nach bhfuil iomaíoch nuair a dhéantar tagarmharcáil orthu i gcoinne port ar chomhchéim, agus tá sé i gceist againn tabhairt faoi sin sa ghearrthearma.

Cé go bhfuil brabús bunlíne níos fearr ná riamh á thuairisciú againn, tá oibleagáidí suntasacha ar an gCuideachta, ó thaobh dliteanais pinsin, ceanglais seirbhísithe fiacha, clár infheistíochta caipitiúla agus ceanglas níos troime óna scairshealbhóir i bhfoirm íocaíochtaí díbhinne méadaithe. Dá bhrí sin, tá sé riachtanach go gcothófar an treocht dhearfach ó thaobh brabúsachta de a tuairiscíodh le roinnt blianta anuas, ionas go sásófar na hoibleagáidí sin amach anseo.

Tá ár gClár Comhardaithe ag láidriú mar thoradh ar an bhfeidhmíocht oibriúcháin feabhsaithe le roinnt blianta anuas, mar is léir ó leibhéal leachtachta agus gearála nár baineadh amach le tamall fada. Cé gur ceapadh an t-am seo anuraidh go dtiocfadh méadú suntasach ar rátaí úis arna léiriú sna torthaí fadtéarmacha, is é a mhalairt an cás i mbliana le torthaí bannaí ag laghdú mar thoradh ar idirghabháil ón mBanc Ceannais Eorpach, rud a d'fhág gur ag laghdú a bhí na rátaí úis tráth ar scríobhadh an tuarascáil seo. Dá réir sin, tá sé ar intinn againn sochar a bhaint as an laghdú ar an ráta úis chun rátaí ísle a ghaibhniú ar chuid shuntasach de na fiacha fadtéarmacha. Ar deireadh, cé go bhfuil saorshreabhadh airgid mórthaibhseach ann (timpeall €3.5m), tugtar faoi deara go raibh an caiteachas caipitiúil i gcomhair 2011 ar leibhéal réasúnta íseal. Tíocfaidh méadú suntasach ar infheistíocht chaipitiúil sna blianta amach romhainn, áfach, de réir mar a chuirfimid ár gclár forbartha caipitiúil i bhfeidhm, ós rud é go mbeidh gá le caiteachas i roinnt réimsí éagsúla dá bharr.

Creidiúnaithe Fadtéarmacha

Tá fiacha laghdaithe go €14.5m ón leibhéal is airde de €16.6m a shroich siad in 2007 in ainneoin an chaiteachais infheistíochta shuntasaigh de €4.1m a tabhaíodh i rith na hidirthréimhse. Tá an Chuideachta fós tiomanta infheistíocht a dhéanamh ina bonneagar sa ghearrthearma, sa mheántearma agus sa bhfadtéarma, agus mar thoradh ar a feidhmíocht oibriúcháin fheabhsaithe, bhí sé ar ár gcumas an treocht laghdaithe fiacha a chothú, mar a léirítear sa ghíaráil fheabhsaithe 40% (2010:44%). Maidir le hoibleagáidí pinsin fadtéarmacha, tháinig feabhas

beag ar an easnamh glan i rith na bliana in ainneoin droch-fháltais ó shócmhainní. Tá plean maoinithe againn chun tabhairt faoin easnamh go fadtéarmach, ag feitheamh ar chur i gcrích an chreata caighdeánaigh maoinithe ón mBord Pinsean. Is cosúil gur é dearcadh an Bhoird Pinsean maidir le riosca infheistíochta i leith maoin lena mbaineann easnamh ná gur cheart do scéimeanna a gcuid rioscaí a laghdú a mhéid agus is féidir. Dá bhrí sin, ós rud é go bhfuil maoiniú pinsin ag os cionn 10% den láimhdeachas, tá sé riachtanach go ndéanfadh an Chuideachta bainistiú ar a dliteanas pinsin ar bhealach chomh hionsaitheach agus is féidir chun fás a chothú amach anseo agus chun éilimh na scairshealbhóirí a chomhlíonadh.

Caiteachas Caipitiúil

Mar a luadh cheana tá an Chuideachta fós tiomanta d'infheistíocht agus tá sé gafa faoi láthair le Máistirphlean Fís 2041 a chur le chéile. Beidh straitéis forbartha poirt don todhchaí sa Mháistirphlean seo agus beidh go leor de bunaithe ar an bpróiseas comhairliúcháin forleathan. Táimid ag súil go mbeidh Máistirphlean Fís 2041 curtha i gcrích ag Bord Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge sa chéad leath de 2012. Tá roinnt fíricí cruthaithe ag an aiseolas ón bpróiseas comhairliúcháin, go háirithe go meastar go bhfuil géarghá le beartlann dhomhain atá níos doimhne ná an 10.5 méadar atá ar fáil i bhFaing faoi láthair chun éilimh thrádála nua a chomhlíonadh. Tá roinnt roghanna ar fáil dúinn agus leanfaimid ag oibriú i gcomhar lenár gcustaiméirí agus le páirtithe leasmhara eile ar an tsaincheist seo agus ar shaincheisteanna eile i rith na céime dréachtaithe de phróiseas an Mháistirphlean. Tá an caiteachas caipitiúil a tabhaíodh i rith na bliana mar a leagtar síos é sna Ráitís Airgeadais.

An Comhshaol

Rinne an Bord beachtú ar a bheartas comhshaoil i rith na bliana, agus tá gach gné de bhainistíocht comhshaoil agus sláinte agus sábháilteachta tugtha le chéile in aon bheartas amháin. Tá an Bord agus an bhainistíocht tiomanta feabhas leanúnach a chur ar a chórais bainistíochta sna réimsí sin agus tá súil acu creidiúnú foirmiúil gaolmhar a bhaint amach in 2012. Tá roinnt céadta mílte euro leithdháilte do rialuithe comhshaoil i mBuiséad Caipitiúil na bliana 2012. Tá clár rioscaí comhshaoil, sláinte agus sábháilteachta forleathan forbartha ag an gCuideachta agus tá sí tiomanta don tionchar ar an gcomhshaol a laghdú a mhéid is féidir le réasún agus ar chomhréir le reachtaíocht ábhartha.

An t-am atá le teacht

Tá go leor deiseanna spreagúla os comhair Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge; ach tá roinnt constaicí le sárú againn chun iad a bhaint amach. Tá os cionn €1.5 billiún in infheistíocht phríobháideach sannta don réigiún atá comhdhéanta de thionscadal LNG na Sionainne agus tionscadal mianadóireachta Minco i measc tionscadal eile. Tá roinnt tionscadal eile ar scála mór a bheidh ar siúl amach anseo atá an-tábhachtach ó thaobh na Cuideachta de, lena mbaineann tábhacht forbartha eacnamaíoch straitéiseach náisiúnta. Ina theannta sin, tá port na Cuideachta, Inbhear na Sionainne, ar cheann de mhórshócmhainní náisiúnta na hÉireann, agus tá ardluach ag baint leis na deiseanna a sholáthraíonn an t-uisce domhain faoi fhothain ó thaobh forbairt gheilleagrach de. Go deimhin, aithnítear agus tugtar tús áite d'acmhainn eacnamaíoch Inbhear na Sionainne sna Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach 2010-2012 agus i bPleananna Forbartha na nÚdarás Áitiúil ábhartha. Ar leibhéal na hEorpa, d'fhoilsigh an Coimisiún Treoirlínte TEN – T le déanaí ina sainmhíneáir líonraí iompair lárnacha na todhchaí trí chomhtháthú a dhéanamh ar chomhchodanna bonneagair na talún, na farraige agus an aeir. Maidir le poirt mhara roghnaigh TEN-T ochtó is a trí port ar fud na hEorpa agus tá Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge ar cheann den trí cinn a roghnaíodh in Éirinn.

Cé go bhfuil deiseanna suntasacha ann tá bagairtí suntasacha ann freisin maidir leis na deiseanna sin a bhaint amach. Ceann de na bagairtí is suntasaí ná íochtar an Inbhir a bheith ainmnithe mar pSPA le déanaí. Mar gheall ar impleachtaí an ainmniúcháin sin, tá tuarascáil curtha i gcrích againn ina léirítear cur chuigí malartacha a chloíonn le Treoracha Natura, ach, rud atá an-tábhachtach, a fhágann gur féidir forbairt a dhéanamh amach anseo. Impímid ar an Aire, ar an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus ar oifigigh na Roinne an tuarascáil sin a mheas agus aird a thabhairt go bhfuil an mhodheolaíocht a mholtar inti glactha go forleathan ag an gCoimisiún i gceantair eile in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe agus san Eoraip.

Tá baic eile ag baint leis na ceadanna éagsúla a theastaíonn d'infheistíocht a bhaineann leis an bhfarraige. Cé go dtuigimid go bhfuil athruithe ar bun chun an próiseas iomlán urthrú a nuachóiriú, tuigimid go mbeidh gá le leasú ar reachtaíocht urthrú agus pleanála chuige sin, agus go mbeidh gá do na húdaráis áitiúla cuspóirí urthrú a thabhairt isteach ina bpleananna forbartha. Cuirimid fáilte roimh an dul chun cinn atá á dhéanamh anois ar an tsaincheist thábhachtach seo agus iarraidimid ar an Rialtas a chinntiú go gcuirfeadh na hathruithe reachtacha is gá i bhfeidhm chomh luath agus is féidir. Ina theannta sin, tá Inbhear na Sionainne an-oiriúnach do thionscadail a bhaineann le fuinneamh ar scála mór atá faoi réir phróisis rialaithe CER. Tá sé riachtanach go mbeadh an próiseas ceadanna seo chomh

trédhearcach, chomh héifeachtach agus chomh cairdiúil d'infheisteoirí agus is féidir. Cuirtear am agus airgead amú le próiseas neamhéifeachtach agus méadaítear an baol nach leanfar ar aghaidh le tionscadal. Spreagaimid na rialaitheoirí chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gcóras agus tagarmharcáil a dhéanamh orthu i gcoinne an deachleachtais idirnáisiúnta d'fhonn seasamh iomaíoch Éire Corpraithe (Ireland Inc) a fheabhsú sa spás infheistíochta díri eachtraí.

Mar a luaitear, aithníodh an gá le máistirphlean a chur i gcrích i bPlean Straitéiseach 2011-2015. Tá an plean sin faoi lán seoil anois, agus tá céim an chomhairliúcháin curtha i gcrích. Díreofar sa Mháistirphlean ar fhás agus ar leathnú chríochfoirt Luimnigh agus Fhainge agus déanfar imscrúdú ar úsáidí malartacha i gcomhair sócmhainní nach sócmhainní lárnacha iad atá lonnaithe ag na saoráidí sin, chomh maith le cás gnó a leagan amach maidir le huasghrádú a dhéanamh ar bhonneagar nascachta chuig an bport. Déanfar na deiseanna fáis agus leathnaithe maidir le hInbhear na Sionainne a fhorbairt trí Chreatphlean Comhtháite na Sionainne agus beidh an t-aschur mar chuid de Mháistirphlean Fís 2041.

Go gearrthéarmach, is dócha go leanfar leis an luaineacht agus an éiginnteacht gheilleagrach ar a laghad go dtí go réiteofar géarchéim fiachais limistéar an euro. Tá bearta déine sa bhaile ag cur leis sin, agus tá roinnt tráchtairí ag tuar go bhfuil teipthe ar spriocanna fáis 2012 cheana féin, rud a chuireann timpeallacht eacnamaíoch lag in iúl i gcomhair 2012. Dá réir sin beidh sé deacair leibhéil EBITDA reatha a chothú agus d'fhonn é sin a mhaolú táimid tiomanta iomaíochas foriomlán an phoirt a fheabhsú, go háirithe i leith seirbhísí a úsáideann na custaiméirí a bhaineann úsáid as ár n-áiseanna.

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár gcuid fostaithe uile as an obair chrua a rinne siad agus as an díograis a léirigh siad le linn na bliana. Is mór againn gach a ndearna siad.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach agus na Stiúrthóirí as cúnamh agus treoir a thabhairt domsa agus don fhoireann bhainistíochta le linn na bliana. Táim buíoch freisin d'fhoireann na Rannóige Iompair Muirí, ar cuid den Roinn Iompair Í, as an gcabhair a thug siad dom i rith na bliana.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcuid custaiméirí as a gcuid tacaíochta le linn na bliana. Tá súil agam go leanfaidh siad den tacaíocht chéanna sna blianta atá amach romhainn.

P. ó'Céitinn
Príomhfheidhmeannach
Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge

23ú Márta 2012

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge **(Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóthas**

Tuairisc Neamhspleach an Iniúcháir

Tuairisc neamhspleach an iniúcháir do baill Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge (Comhlacht cuideachta faoi theorainn scaireanna) agus a fochuideachta gnóthas.

Tá iniúchain déanta againn ar na Ráitéis Airgeadais do Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge Teoranta don bliain dár gcríoch 31 Nollag 2011 ar leathanachaí 18 go dtí 37 atá ullmhaithe faoi an comhdháil costas stairiúil agus an polasaí cuntasáíochta atá leagtha amach ar leathanachaí 16 go dtí 17.

Dualgasáí na Stiúrthóirí agus Iniúcháirí faoi seach

Mar atá ráite i Dualgasáí Ráitís na Stiúrthóirí ar leathanach 3 tá stiúrthóirí na comhlachta freagrach as ucht ullmhúcháin na Ráitís Airgeadais i gcomhréireacht an dlí cóir agus caighdeán cuntasáíochta na hÉireann.

Sé ár ndualgas ná iniúcháin a dhéanadh ar na ráitéis airgeadais i gcomhréireacht leis an dlí cóir agus na riachtanasaí agus caighdeán cúí iniúcháin at leagtha síos ag an mBord Iniúcháin Cleachtaí i nÉireann agus Sasana.

Tá an tuairisc seo déanta do scairsealbhóirí an chomhlachta amháin, mar aon le Rannóg 193 do Acht na Comhlachtaí, 1990. Tá an obair iniúcháin déanta sa chaoi gur féidir linn ríocht a thabhairt do scairsealbhóirí na comhlachta na h-abhair ina bhfuil gá dúinn ríocht a thabhairt ar an tuairisc iniúchoir agus ní le aon cúis eile. Go ceann scríbe an dlí, níl muid freagracht do aon duine ach amháin an comhlacht agus scairsealbhóirí an chomhlachta mar aonad, as ár n-obair iniúcháireachta, don tuairisc seo, no aon barúil atá cruthaigh againn.

